Coimisiún na hÉireann
um Chearta an Duine



# Ag Cur Chun Cinn & ag Cosaint Cearta an Duine in Éirinn

**Éilíonn comhall chearta an duine go léireofaí meas do dhínit gach duine.**

Ní pribhléidí cearta an duine; is teidlíochtaí iad.

## Clár Ábhair


Réamhfhocal — 4

Achoimre — 6

**1_Cúlra agus Brollach** — 8
- Bunú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
- Baill an Choimisiúin
- Cearta an Duine
- Sainordú Reachtúil


Cuir
chun
& Cosa

16
**2_Misean, Luachanna agus Prionsabail Feidhmiúcháin**
– Ráiteas Misin
– Luachanna
– Prionsabail Feidhmiúcháin

18
**3_Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha**
– Sprioc Straitéiseach 1
– Sprioc Straitéiseach 2
– Sprioc Straitéiseach 3
– Sprioc Straitéiseach 4
– Sprioc Straitéiseach 5
– Sprioc Straitéiseach 6

32
**4_Monatóireacht Feidhmiúcháin agus Measúnú Tionchair**

34
**Aguisíní**
– I_Coimisinéirí an IHRC
– II_Alt 8 d'Acht Choimisiún um Chearta an Duine 2000
– III_Cairt Eagrúcháin

cinn
in

**Is é seo an dara plean straitéiseach de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC). Tá athruithe sciobtha tar éis teacht ar Éirinn, fiú sa tréimhse ghearr ó bunaíodh an Coimisiún in 2001. Chuir dul chun cinn eacnamaíoch le leas na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn, mar a chuir sé freisin le héagsúlacht shaibhir. Mar sin féin, níor bhain gach duine an tairbhe chéanna as an dul chun cinn, agus tarraingíonn sé seo aird ar thábhacht cultúir agus eitis ina léireofar meas ar chearta an duine. Tá síocháin ann anois agus is féidir linn bheith ag súil le leibhéil nua comhoibrithe ar oileán na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo aghaidh a thabhairt ar na deiseanna atá ann cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn, agus ar na dúshláin a bhaineann leo.**

# Cuir chun cinn & Cosain

Foilsíodh céad Phlean Straitéiseach IHRC in Samhain 2003. Ní raibh an Coimisiún i bhfad bunaithe nuair a foilsíodh é, is ar éigean a bhí foireann ar bith aige, bhí cóiríocht shealadach aige i gcónaí agus ní raibh mórán samhlacha idirnáisiúnta aige chun treoir a thabhairt dó. Ba iad na Coimisinéirí a bhrúigh ar aghaidh an obair chun an Plean a chur i dtoll a chéile, agus iad ag iarraidh plean straitéiseach inoibrithe agus inmharthana don Choimisiún nua a dhéanamh óna sainordú reachtúil agus ón gcleachtas is fearr i ndáil le cearta an duine idirnáisiúnta.

Bhí an chéad Phlean Straitéiseach fócasaithe agus uaillmhianach, mar go raibh acmhainní gann. Ar fhéachaint siar air anois, tá dul chun cinn déanta ó thaobh cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn. Níos tábhachtaí arís, tá an Coimisiún tar éis dul trí phróiseas foghlama a bhí dian agus fairsing agus tá dúshraith dhaingean curtha síos aige. Tá áit bainte amach go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta aige mar choimisiún do chearta an duine atá éifeachtach agus údarásach.

Bhí taithí agus ceachtanna an chéad chúig bliana fíorthábhachtach in ullmhú an Phlean Straitéisigh nua seo. Aithnímid arís an gá a bheith fócasaithe, oibriú go dlúth le gach duine eile i réimse chearta an duine agus aon dúbailt oibre a sheachaint. Táimid buíoch díobh siúd uile a mhúnlaigh an plean.

Aithnímid freisin an gá na caighdeáin dea-chleachtais is fearr a fhí isteach go leanúnach i ngach rud a dhéanaimid. Is í an phríomhaidhm atá againn i gcónaí ná an uaillmhian a bhí ag an Taoiseach Bertie Ahern TD dúinn in 2002 nuair a dúirt sé go mbeadh, 'an Coimisiún ina shamhail a bheadh daoine eile ag leanúint, ceann a leagfadh síos caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta, in áit iad a leanúint.'

Leagann an Plean seo amach spriocanna straitéiseacha an Choimisiúin don chéad chúig bliana eile. Díríonn sé ar chultúr agus eiteas a chur cinn ina léireofar meas do chearta an duine i sochaí na hÉireann. Bíonn sé ag iarraidh é seo a bhaint amach trí chearta an duine a neadú i ndlí, i bpolasaí poiblí agus i gceartas, agus trí shochaí a chur chun cinn a chuireann luach ar chuimsitheacht agus ar éagsúlacht agus a thacaíonn le rannpháirtíocht daoine ó thaobh a gcearta an duine a fhíorú. Tugann ár n-obair le Coimisiún um Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann deiseanna bheith ag obair ar ábhar coitianta imní i ndáil le cearta an duine. Aithníonn an Plean freisin an gá bheith airdeallach maidir le dúshláin do chearta an duine atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.

Eagraíocht bheag agus óg an IHRC i gcónaí. Chun go gcuirfidh sé a shainordú i bhfeidhm go héifeachtach, ní mór don Choimisiún a acmhainní a mhéadú, sa chaoi sin ag leanúint ag leagan síos caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Níl aon amhras agam ach go mbeimid níos gaire do chur chun cinn agus do chosaint níos fearr do chearta an duine in Éirinn de bharr cheannaireacht na gCoimisinéirí agus proifisiúntacht ar bhfoirne iontaí.

Maurice Manning

**An Dr Maurice Manning**
Uachtarán ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

# Is é an Misean atá ag an IHRC ná fíorú, cosaint agus feasacht ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chothú, ar bhonn cothrom, do gach duine, i ndlí, i bpolasaí, i gcleachtas.

**Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) faoi reacht in 2001 chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn. Is iad cearta an duine a bhfuil sainordú ag an IHRC iad a chur chun cinn agus a chosaint ná na cearta atá ráthaithe i mBunreacht na hÉireann agus na cearta atá cuimsithe i go leor conarthaí agus coinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil Éire mar pháirtí díobh. Is é an plean seo, don tréimhse 2007–2011, an dara plean straitéiseach de chuid an Choimisiúin. Tá achoimre ar na príomhghnéithe thíos.**

## Feidhmeanna

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Dlí agus cleachtas a athbhreithniú ar bhonn leanúnach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí reachtúla ar iarratas ó aire Rialtais
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Moltaí a dhéanamh don Rialtas
- Feasacht ar chearta an duine a chur chun cinn agus tabhairt faoi thaighde agus gníomhaíochtaí oideachasúla
- Fiosrúcháin a sheoladh
- Tuarascálacha agus taighde a fhoilsiú
- Feidhmiú mar amicus curiae nó mar 'chara leis an gcúirt' in imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le hábhair chearta an duine
- Bheith páirteach sa Chomhchoiste le Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann (NIHRC)
- Cúnamh dlíthiúil agus cúnamh eile a sholáthar
- Imeachtaí dlí a thionscnamh

## Spriocanna Straitéiseacha

Tá na spriocanna straitéiseacha seo a leanas ag an gCoimisiúin:

- Cultúr agus eiteas a léiríonn meas ar chearta an duine i sochaí na hÉireann a chur chun cinn
- Lárnach chearta an duine i gceapadh agus i riaradh dlí, polasaí poiblí agus ceartas a chur chun cinn
- Oibriú i gcomhpháirt le Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann chun cearta an duine a chur chun cinn ar oileán na hÉireann
- Sochaí a chur chun cinn a bhfuil luach aici ar chuimsitheacht agus ar éagsúlacht trí mheas a léiriú ar chearta an duine
- Measúnú a dhéanamh ar dhúshláin do chearta an duine atá ag teacht chun cinn agus iad a réamh-mheas
- Cumas eagrúcháin an IHRC a threisiú d'fhonn a shainordú a chur i bhfeidhm

# 2001

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine faoi reacht in 2001 agus tá sainordú aige cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint in Éirinn.

## 1.1 Bunú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

D'eascair an Coimisiún ó Chomhaontú Bhéal Feirste (Comhaontú Aoine an Chéasta) agus mhol an Grúpa um Athbhreithniú Bunreachta in 1996 go mbunófaí a leithéid de chomhlacht. Mhol Comhaontú Aoine an Chéasta go mbunófaí Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (IHRC) agus Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann (NIHRC) araon. Bíodh is go n-oibríonn na heagraíochtaí chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i ndlínsí ar leith, bíonn siad ag comhoibriú freisin chun cosaintí chearta an duine a fheabhsú ar oileán na hÉireann.

Ón uair ar bunaíodh é, tá moltaí déanta ag an IHRC don Rialtas maidir leis an gcaoi ar féidir aitheantas a thabhairt do chaighdeáin chearta an duine i reachtaíocht na hÉireann, agus tá díospóireacht curtha chun cinn aige i ndáil le saincheisteanna cearta an duine mar chuid den phróiseas reachtaíochta. Tá feasacht maidir le cearta an duine curtha chun cinn aige freisin trí na meáin, comhdhálacha agus trí ghníomhaíochtaí oideachasúla. Láithrigh an Coimisiún roimh an gCúirt Uachtarach mar *amicus curiae*[1] agus d'fhoilsigh sé le gairid a chéad tuarascáil fiosrúcháin i ndáil leis an mbéim atá ag forálacha áirithe de reachtaíocht leasa sóisialaigh orthu siúd atá féin-fhostaithe.

Ón uair ar thacaigh Comhdháil Domhanda an UN ar Chearta an Duine le 'Prionsabail Pharáis' (a spreag bunú institiúidí náisiúnta um chearta an duine) in 1993, tá d'institiúidí dá leithéidí bunaithe i ngach réigiún mór ar fud an domhain. Tá ról gníomhach ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine go hidirnáisiúnta agus tacaíonn sé leis an gCoiste Comhordaithe Idirnáisiúnta.[2] D'fhreastail an IHRC ar choiste feidhmeannach Ghrúpa na hEorpa de chuid an Choiste Comhordaithe Idirnáisiúnta agus tá sé mar uachtarán air faoi láthair. Tá tionchar agus proifíl an IHRC méadaithe freisin mar gheall ar an ról lárnach a bhí aige i bhforbairt agus i ndréachtú chonradh na Náisiún Aontaithe ar mhíchumas agus mar gheall ar láithriú an Choimisiúin os comhair líon comhlachtaí idirnáisiunta um monatóireacht conartha.

1 Go litriúil mar 'chara leis an gcúirt' chun cabhrú leis an gcúirt maidir le caighdeáin cearta an duine a léirmhíniú

2 De chuid institiúidí násiúnta chearta an duine

## 1.2 Baill an Choimisiúin

Tá 15 ball ag an gCoimisiún um Chearta an Duine, mar seo a leanas (ón mbarr, ó chlé go deas):

An Dr Maurice Manning (Uachtarán)
An tOllamh William Binchy
Olive Braiden Uasal
An Dr Rosemary Byrne
An tOllamh Robert Daly
Suzanne Egan Uasal
An tUasal Michael Farrell
Alice Leahy Uasal
Lia O'Hegarty Uasal
An tUasal Tom O'Higgins
An tOllamh Helen O'Neill
An tOllamh Gerard Quinn
An tUasal Roger Sweetman
An tUasal Mervyn Taylor
An Dr Katherine Zappone




Ceapann an rialtas Coimisinéirí ar feadh téarma oifige de chúig bliana. Tá beathaisnéisí do gach duine de na Coimisinéirí ar fáil in Aguisín I.








# Baineann cearta an duine le gach duine.

Baineann cearta an duine le gach duine. Is iad na caighdeáin bhunúsacha iad a bhfuil teidlíocht ag gach duine orthu toisc gur daoine iad. Tá cearta an duine ann chun a chinntiú go mbeidh saol le dínit ag gach duine. Ní pribhléidí cearta an duine; is teidlíochtaí iad. Éilíonn comhall chearta an duine go léireofaí meas do dhínit gach duine.

Is féidir léirthuiscint a fháil ar chearta an duine ó Achtanna Choimisiún um Chearta an Duine, Bunreacht na hÉireann mar aon le comhaontuithe ábhartha idirnáisiúnta. De réir Alt 2 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000, tá sainordú ag an gCoimisiún cosaint agus cur chun cinn a dhéanamh maidir le:

(a) Na cearta agus na saoirsí atá bronnta, nó ráthaithe, do dhaoine ag an mBunreacht, agus

(b) na cearta agus saoirsí atá bronnta, nó ráthaithe, do dhaoine ag aon chomhaontú, conradh nó coinbhinsiún a bhfuil an Stát ina pháirtí de.

Tugann Airteagal 40 go dtí 44 de Bhunreacht na hÉireann sracléiriú ar chearta bunúsacha an duine nach mór iad a ráthú. Tá forbairt agus mionléiriú déanta orthu seo i gcásdlí na hÉireann.

Tá Éire ina pháirtí de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (a bhfuil a fhorálacha ina gcuid de dhlí na hÉireann), Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus líon comhaontuithe idirnáisiúnta eile. I measc na gcomhaontuithe idirnáisiúnta níos aithnidiúla díobh seo tá:

- Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla
- Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha
- Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú
- Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealú in aghaidh Ban a Dhíothú
- An Coinbhinsiún in Aghaidh Céastóireachta agus in Aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach
- an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, agus
- an Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe

Tá comhaontuithe éagsúla de chuid Chomhairle na hEorpa ceangailteach ar an Stát freisin. Áirítear leo seo:

- Cairt Shóisialach na hEorpa Leasaithe
- Coinbhinsiún na hEorpa chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc, agus
- An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint

Mar bhall den Aontas Eorpach, tá tionchar méadaithe ag an gCairt um Chearta Bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh ar Éire.

**Tá Alt 8 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine 2000 (a thugann sonraí maidir le sainordú reachtúil an Choimisiúin) faoi iamh mar Aguisín II. Go hachomair, is é an sainordú atá ag an IHRC ná:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhóthanacht agus ar éifeachtacht dlí agus ar chleachtas um chearta an duine sa Stát

- Imscrúdú a dhéanamh ar mholtaí reachtúla agus tuairisciú a dhéanamh ar impleachtaí gaolmhara ar chearta an duine

- Dul i gcomhairle le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chearta an duine

- Moltaí a dhéanamh don rialtas maidir le bearta ar cheart iad a thógáil chun cearta an duine a láidriú, a chosaint agus chun seasamh leo sa Stát

- Tuiscint agus feasacht a chur chun cinn maidir le tábhacht chearta an duine; taighde ábhartha agus gníomhaíochtaí oideachasúla a urrú, a choimisiúnú, a airgeadú nó a thacú ar bhealaí eile

- Fiosrúcháin a sheoladh faoi nithe ábhartha

- Tuarascálacha agus taighde a ullmhú agus a fhoilsiú (i) chun tuiscint maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus (ii) maidir le fiosrúcháin a seoladh

- Láithriú roimh an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach (mar *amicus curiae*) maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta aon duine

- Comhchoiste a bhunú leis an NIHRC de réir théarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta agus a bheith páirteach ann

- Cúnamh dlíthiúil agus cúnamh eile a sholáthar do dhaoine atá ag iarraidh cearta an duine atá acu a chosaint

- Imeachtaí dlí a thionscnamh i ndáil le hábhair a bhaineann le cearta an duine

# An bhéim chéanna ar chearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta & cultúrtha.

## Ráiteas Misin

Fíorú, cosaint agus feasacht maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chothú, do gach duine ar bhonn cothrom, i ndlí, i bpolasaí agus i gcleachtas.

## Luachanna

Agus é ag obair chun cearta an duine atá ag cách a chur chun cinn agus a chosaint, aithníonn an Coimisiún nádúr uilíoch, doroinnte agus idirspleách chearta an duine. Cuirtear an bhéim chéanna mar sin ar an tábhacht atá ag cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha.

- Gníomhóimid ar bhealach atá neamhspleách agus oibiachtúil, ag an am céanna ag cinntiú inrochtaineacht, oscailteacht agus cuntasacht

- Léireoimid meas ar dhínit bhunúsach agus ar chothromas gach duine

## Prionsabail Feidhmiúcháin

- Oibreoimid chun a chinntiú gur féidir dlí agus cleachtas na hÉireann um chearta an duine a chur i gcomparáid go fabhrach leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde

- Sa chás go gcreidimid go bhfuil an bonn á bhaint de chearta an duine nó go bhfuil cosaint neamhleor á tabhairt dóibh, beimid freagrúil, soiléir, neamhchlaonta agus aonchiallach ó thaobh tacú le cearta an duine

- Beidh dialóg, comhairliúchán agus comhoibriú mar shainmharcanna dár modh oibriúcháin .i. sa chás go bhfuil sé ábhartha nó cuí, agus le comhlachtaí sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon

- Bainfimid úsáid as ár gcumhachtaí reachtúla ar bhealach a chuireann luach leis an obair atá á déanamh ag daoine eile faoi láthair chun cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint

- Déanfaimid iarracht dúbailt a sheachaint agus oibriú i gcomhpháirt le heagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus daoine aonair eile, de réir mar is cuí, chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teoranta

# Tá spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha aitheanta agus forbartha chun a chinntiú go mbeidh obair an Choimisiúin fócasaithe agus curtha in ord tosaíochta.

## Sprioc Straitéiseach 1
Cultúr agus eiteas a chur chun cinn ina léirítear meas ar chearta an duine i sochaí na hÉireann

## Sprioc Straitéiseach 2
Lárnacht chearta an duine a chur chun cinn i ndreachtú agus i riaradh dlí, polasaí poiblí agus i gceartas

## Sprioc Straitéiseach 3
Oibriú i gcomhpháirt le Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann chun cearta an duine a chur chun cinn ar oileán na hÉireann

## Sprioc Straitéiseach 4
Sochaí a chur chun cinn a bhfuil meas aici ar chuimsitheacht agus ar éagsúlacht trí mheas a léiriú do chearta an duine

## Sprioc Straitéiseach 5
Measúnú agus réamh-mheas a dhéanamh ar dhúshláin do chearta an duine atá ag teacht chun cinn

## Sprioc Straitéiseach 6
Cumas eagrúcháin an IHRC a láidriú chun a shainordú a chur i gcrích

# Cultúr agus eiteas a chur chun cinn ina léirítear meas ar chearta an duine i sochaí na hÉireann

Tosaíocht agus sainmharc sochaí atá ag feidhmiú go maith é bunú fhíorchultúr chearta an duine. Chun an chríoch seo a bhaint amach, ba cheart go mbeadh gach ball de shochaí na hÉireann ina thairbhí agus ina fheighlí araon, agus tá freagrachtaí comhionanna acu chun cearta a chéile a chur chun cinn agus a chosaint. Is ar an gcúis seo a bheidh an Coimisiún ag comhtháthú níos mó feasachta agus measa ar chomhionannas, éagsúlacht, cothromas agus ceartas lena gcur chun cinn de chearta an duine do chách. Rachaidh an IHRC i ngleic le codanna éagsúla den tsochaí, go díreach agus trí na meáin, chun saincheisteanna a aithint agus chun díospóireacht a fhaisnéisiú.

Tá an Coimisiún tiomanta tuilleadh feasachta ar thábhacht chearta an duine a chur chun cinn i measc státseirbhíseach agus seirbhísí poiblí, iad siúd a bhfuil baint acu le hoideachas agus daoine eile. Tabharfaidh obair ábhartha aitheantas do dhul chun cinn agus d’fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i sochaí na hÉireann trí bhéim ar leith a chur ar chomhionannas agus ar éagsúlacht.

Mar thaca don chur chuige seo, leanfaidh an Coimisiún ag tabhairt faoi thaighde i ndáil le saincheisteanna ábhartha. Tabharfar tacaíocht agus eolas leanúnach dóibh siúd a bhféadfadh neamhaird nó bagairt a bheith á ndéanamh ar a gcearta, nó a bhfuil tuilleadh béime ag teastáil uathu.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

- Plean comhtháite caidrimh phoiblí, comhairliúcháin agus meán a fhorbairt a dhéanann optamú ar fheasacht maidir lenár ngníomhaíochtaí agus ár bhfoilseacháin, ag an am céanna ag faisnéisú tuairimí maidir le cearta an duine
- Bileoga eolais a dhearadh, a fhoilsiú agus a dháileadh ar chearta an duine agus ar na bealaí atá oscailte do gach duine chun gearán a dhéanamh agus chun sásamh a fháil
- Cinntiú go ndéanfar forbairt ar chláir feasachta éifeachtacha maidir le cearta an duine agus go gcuirfear ar fáil iad do státseirbhísígh agus do sheirbhísí poiblí ábhartha
- Dul i ngleic leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le comhlachtaí ábhartha eile chun modúil a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le ‘Meas a léiriú ar Chearta an Duine – Cothromas do Chách’. Spreagadh a thabhairt do chomhtháthú feasachta ar chearta an duine mar chuid de chláir oideachasúla chuí
- Iarracht a dhéanamh comhpháirteachas poiblí níos mó ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine a bhaint amach trí, mar shampla, comórtas díospóireachta náisiúnta faoi chearta an duine a bhunú i scoileanna
- Dul i ngleic leis an Garda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus le Cigireacht an Gharda Síochána chun cabhrú le cultúr um chearta an duine a chur chun cinn i bpóilíneacht
- Dul i ngleic leis an gCigire Príosún agus Ionad Coinneála, agus le comhlachtaí eile cosúil leis, d’fhonn cultúr um chearta an duine a chur chun cinn in institiúidí ábhartha
- Oibriú chun cosaint chearta an duine a dhaingniú ag gach céim den chóras um cheartas cóiriúil
- Próiseas athbhreithnithe a thionscnamh le heagraíochtaí ábhartha sa tseirbhís sláinte agus síciatracha chun cultúr um chearta an duine a chur chun cinn i soláthar a leithéid de sheirbhísí
- Oibriú i gcomhpháirt le comhlachtaí reachtúla eile agus le gníomhaireachtaí neamh-reachtúla a bhfuil sainordú acu ina n-áirítear cur chun cinn agus cosaint chearta an duine i sochaí na hÉireann
- Dul i ngleic leis na páirtnéirí sóisialta chun cosaint chearta an duine a chur chun cinn. Taiscéaladh a dhéanamh ar an bpóitéinseal duaiseanna a urrú, ag tabhairt aitheantais d’iarrachtaí i leith cearta an duine thar ceann earnáil an ghnó

## Táscairí Feidhmiúcháin

Déanfar measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo na spriocanna trí thagairt a dhéanamh do tháscairí feidhmiúcháin a thugann sonraí, mar shampla, ar líon, nádúr agus éifeachtacht na gclár oiliúna/feasachta, na dtionscnamh eolais, comhdhálacha, seimineáir, foilseacháin, srl. Tá tuilleadh sonraí agus na dátaí atá leagtha amach i gcóir sheachadadh na spriocanna le fáil inár bpleananna bliantúla gnó.

# Lárnacht chearta an duine a chur chun cinn i ndréachtú agus i riaradh dlí, polasaí poiblí agus i gceartas

Bíodh is go leanfaidh an Coimisiún ag déanamh athbhreithnithe ar reachtaíocht ábhartha, dréacht-reachtaíochta agus ar chleachtas, d'fhonn a chinntiú go gcuirfear cearta an duine chun cinn agus nach mbainfear an bonn díobh, bogfaidh cuid dá fhócas straitéiseach i dtreo tionchar a imirt ar mhúnlú polasaithe agus ar dhréachtú reachtúil ag céim níos luaithe. Creideann an Coimisiún gur féidir leis a bheith níos táirgiúla agus níos éifeachtaí ó thaobh míreanna ábhartha reachtaíochta a mhúnlú má spreagann sé Airí agus státseirbhísigh níos mó béime a chur ar chearta an duine ag céimeanna forbartha polasaí agus 'cinn billí'.

Ag teacht leis an bhfealsúnacht seo, déanfaidh an Coimisiún iarracht feasacht níos mó ar chearta an duine a chur chun cinn i measc státseirbhíseach. Leanfaidh an Coimisiún ag saothrú athchóirithe reachtúla agus polasaí poiblí, go háirithe i réimsí a bhaineann, mar shampla, le comhionannas agus le héagsúlacht, rudaí atá lárnach don straitéis seo. Sa mhéid sin, déanfaidh an IHRC iarracht a chinntiú go gcuirfidh dlí agus polasaí intíre san áireamh moltaí a thagann ó na comhlachtaí ábhartha monatóireachta san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

Déanfar tuilleadh oibre chun síniú agus daingniú conarthaí agus coinbhinsiúin ábhartha um chearta an duine a spreagadh. Rachaidh an Coimisiún i ngleic le gairm an dlí agus leis an earnáil dhlíthiúil de réir mar is cuí.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

- Dul i ngleic leis an Oireachtas agus leis an Rialtas chun a chinntiú go gcoirpreofar prionsabail chearta an duine i bhforbairt reachtaíochta agus polasaí ag an gcéim is luaithe agus is féidir
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhialóg le coistí ábhartha an Oireachtais, agus iarracht a dhéanamh saincheisteanna chearta an duine a chur ina láthair
- Neamhspleáchas an IHRC a chomhdhlúthú trí iarracht a dhéanamh socruithe cuntasachta a athrú sa chaoi is go mbeidh an Coimisiún freagrach don Oireachtas
- Dul i ngleic le státseirbhísigh/dréachtóirí reachtúla chun dea-chleachtas chearta an duine a fhorbairt agus chun áit níos feiceálaí a thabhairt do chearta an duine i reachtaíocht
- Dul i ngleic leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch is Sóisialta (NESC), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF), an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus comhlachtaí polasaí ábhartha eile chun feasacht níos mó maidir le cearta an duine a chur chun cinn i múnlú polasaí poiblí
- Dul i ngleic le gairm an dlí chun feasacht níos mó maidir le cearta an duine a chur chun cinn mar aon le níos mó úsáide as conarthaí agus coinbhinsiúin chearta an duine
- Tabhairt faoi thaighde comparáideach ar úsáid conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine atá daingnithe ag Éire ach nach bhfuil coirprithe i ndlí intíre fós
- Stocaireacht a dhéanamh i gcóir choirpriú intíre na gconarthaí agus choinbhinsiún chearta an duine sin nach bhfuil aitheantas faighte acu faoi láthair i ndlí na hÉireann nó i gcleachtas riaracháin
- Dul i ngleic le comhlachtaí cosúil leis an Judicial Studies Institute chun aird a tharraingt ar shuntasacht na gconarthaí/coinbhinsiún chearta an duine ábhartha agus ar an ngaol atá acu le dlí intíre na hÉireann
- Cásanna atá ábhartha/tábhachtach ó thaobh chearta an duine de a aithint go gníomhach agus iarratais a dhéanamh chun láithrithe *amicus curiae* a dhéanamh de réir mar is cuí

## Táscairí Feidhmiúcháin

Díreoidh táscairí feidhmiúcháin ar, mar shampla, dul chun cinn i dtreo shíniú agus dhaingniú chonarthaí/choinbhinsiúin chearta an duine, líon agus nádúr na láithrithe *amicus curiae* a dhéanfar, tráthúlacht athbhreithnithe reachtúil, agus coirpriú pheirspictíocht chearta an duine i bpolasaí poiblí agus i reachtaíocht.

# Oibriú i gcomhpháirt le Coimisiún um Chearta an Duine Thuaisceart Éireann chun cearta an duine a chur chun cinn ar oileán na hÉireann

3

Shamhlaigh téarmaí Chomhaontú Aoine an Chéasta bunú ‘comhchoiste’ d’ionadaithe ón IHRC agus ón NIHRC araon. Rinneadh foráil freisin don fhéidearthacht go mbunófaí cairt d’fhonn tacú le bearta aontaithe i gcóir chosaint chearta bunúsacha gach duine atá ina chónaí ar oileán na hÉireann.

Tá an Comhchoiste ann mar fhóram i gcóir breithnithe ar shaincheisteanna a bhainenan le cearta an duine ar oileán na hÉireann agus tugann sé deis freisin don dá Choimisiún oibriú le chéile chun spriocanna atá aontaithe a bhaint amach. Tagann tairbhí agus deiseanna suntasacha chun cinn de réir mar a oibríonn an dá eagraíocht le chéile agus mar a bhaineann siad úsáid as an mbuntáiste a thagann ó pheirspictíochtaí agus ó thaithí níos leithne. Is féidir neart a fhoghlaim ó bheith ag machnamh ar thaithí Thuaisceart Éireann ar, mar shampla, cearta an duine a chur chun cinn i ndáil le póilíneacht, comhionannas, agus caoinfhulaingt pholaitiúil agus reiligiúnda.

De réir mar atá an dá Choimisiún ag breathnú chun cinn ar thodhchaí ina mbeidh níos mó comhionannais, éagsúlachta agus caoinfhulaingthe, déantar tosaíochtaí gaolmhara a aithint, a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcomhpháirt. Próiseas agus taithí saibhriúcháin atá ann agus oibreoidh an Coimisiún chun a chinntiú go ndéanfar barrfheabsú ar dheiseanna agus ar ghnóthachain comhoibríocha i rith thréimhse an phlean straitéisigh seo.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

– Athbhreithniú a dhéanamh ar an obair atá déanta chun dáta agus strúchtúir a fhorbairt a éascóidh comhoibriú níos torthúla idir an dá Choimisiún

– Dul i gcomhairle leis an NIHRC d’fhonn saincheisteanna maidir le cearta an duine atá ina n-ábhair imní choiteann a aithint mar aon le tosaíochtaí i gcóir gnímh

– Oibriú tríd an gComhchoiste de réir an chláir oibre atá aontaithe

## Táscairí Feidhmiúcháin

Forbróidh an IHRC agus an NIHRC i gcomhpháirt cuspóirí ar leith agus táscairí feidhmiúcháin don tréimhse atá le teacht.

# Sochaí a chur chun cinn a bhfuil meas aici ar chuimsitheacht agus ar éagsúlacht trí mheas a léiriú do chearta an duine

Chuir an dul chun cinn leanúnach i réimse na heacnamaíochta le héagsúlacht in Éirinn, agus d'ardaigh sé feasacht uirthi freisin. Is teist do dhaonlathas a leagann béim ar chearta an duine é an chaoi a mbíonn muid ag breathnú ar éagsúlacht agus ag cur chun cinn cuimsitheacht shóisialta. Bunaíodh an Stát ar an bprionsabal go 'gcumhdófar gach duine ar bhonn comhionann' agus tá dúshláin nua ann anois maidir leis seo de bharr an rátha a bhí againn i réimse na heacnamaíochta. Níor bhain gach duine an tairbhe chéanna ón ráth seo. Tá bochtanas agus díothacht shóisialta ann i gcónaí. Tá an deis againn anois ár dtiomantas do chomhionannas do chách a athnuachan.

Leanfaidh an Coimisiún ag díriú ar na bealaí inár féidir le dlíthe agus le prionsabail chearta an duine tacú le fíorú comhionannais ar fhorais cosúil le hinscne, stádas pósta agus teaghlaigh, aois, míchumas, cine, claonadh gnéis, creideamh reiligiúnda, ballraíocht den Lucht Siúil, stádas soch-eacnamaíoch, ballraíocht de cheardchumann, agus ciontú coiriúil roimhe sin, nó foras ar bith eile.[3]

Ní mór do dhlíthe agus do pholasaithe deireadh a chur le hidirdhealú agus cearta an duine a chosaint, cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur san áireamh, agus ag an am céanna a bheith comhlánaithe ag tacaí atá curtha in oiriúint go cuí do ghrúpaí sóisialta éagsúla.

Oibreoidh an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar phobail agus ar ghrúpaí éagsúla eitneacha agus mionlaigh, ag an am céanna ag aithint fachtóirí eacnamaíocha, struchtúrtha nó fachtóirí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar d'imeallú na ngrúpaí seo nó grúpaí eile.

3 Níl na forais atá leagtha amach anseo eisiach. Áirítear leo na naoi bhforas atá ann faoi láthair agus atá ainmnithe sa reachtaíocht comhionannais atá ann faoi láthair agus líon eile foras a dtagraítear dóibh in aighneacht an IHRC don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le fairsinge na reachtaíochta comhionannais a leathnú (Bealtaine, 2005) www.ihrc.ie.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

- Naisc a láidriú le comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí éagsúla i sochaí na hÉireann chun saincheisteanna chearta an duine nó bagairtí atá ag teacht chun cinn a aithint go réamhghníomhach agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun rannpháirtíocht ghníomhach na ngrúpaí seo a chur chun cinn ó thaobh a gcearta an duine a leanúint

- Réimsí a aithint i gcóir fócas ar leith agus oibriú chun cuimsitheacht agus meas ar gach grúpa éagsúil, eitneach agus eile a chur chun cinn i sochaí na hÉireann

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta i gcoinne Ciníochais, an Plean Náisiunta Gníomhaíochta ar Chuimsitheacht Shóisialta agus Straitéis Náisiúnta na mBan

- Taighde a dhéanamh agus aitheantas agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais chearta an duine agus ar shaincheisteanna áirithe a imríonn tionchar air, ach nach bhfuil teoranta do:

    - Iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, inimircigh agus oibritheoirí imirceacha
    - Mionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil
    - Leispigh, daoine aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha
    - Tuismitheoirí aonair
    - Daoine scothaosta
    - Daoine le míchumas
    - Daoine atá gan dídean
    - Priosúnaigh
    - Mionlaigh creidimh
    - Iad siúd atá ag fulaingt ó fhadhbanna meabhairghalar
    - Iad siúd atá ina gcónaí i suímh institiúideacha nó cónaitheacha
    - Daoine fásta agus leanaí atá páirteach i striapachas agus i ngáinneáil

- Breithniú ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chomhtháthú go réamhghníomhach le hobair i ndáil leis na grúpaí seo, chun a chinntiú go seachadófar cearta an duine ar bhealach atá fíor agus éifeachtach

- Cinntiú go mbeidh na grúpaí seo, agus grúpaí eile atá leochaileach ar an gcaoi chéanna, in ann rochtain a fháil ar cheartas trí na cúirteanna

## Táscairí Feidhmiúcháin

Déanfar measúnú ar an méid a bhainfear amach ar bhunús, mar shampla, líon na gcomhlachtaí ábhartha a bhfuilmid ag comhoibriú leo agus a bhfuil naisc bunaithe againn leo, líon na dtionscadal taighde ar tugadh faoi, na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu agus na comhdhálacha/tionscnaimh eolais a eagraíodh.

# Measúnú agus réamh-mheas a dhéanamh ar dhúshláin do chearta an duine atá ag teacht chun cinn

Tagann dúshláin fhéideartha do chearta an duine ó fhoinsí éagsúla agus ní mór don Choimisiún a bheith níos airdeallaí maidir leis seo. Ainneoin go bhfuil sé deacair nádúr beacht na saincheisteanna a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu sa todhchaí ar chearta an duine a réamh-mheas, tá ról tábhachtach ag an gCoimisiún ó thaobh breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Mar shampla, tá ceisteanna tagtha chun cinn i ndáil le saoirsí creidimh agus cultúrtha de bharr athruithe atá tarlaithe le gairid i gcomhdhéanamh agus in éagsúlacht sochaí na hÉireann, go háirithe sa chás go ndéantar an breithniú go bhfuil tionchar acu seo ar noirm nó ar luachanna níos gnáthúla na sochaí.

Tá an poitéinseal ag forbairtí ar leith i réimsí na cumarsáide, na teicneolaíochta, na heolaíochta agus na hinnealltóireachta aird a tharraingt ar bhreithnithe tábhachtacha maidir le slándáil agus le príobháideacht an duine aonair. Ní mór do choinníollacha a bhaineann le stóráil agus le rochtain ar shonraí pearsanta agus ar fhaisnéis ghaolmhar aitheantas a thabhairt do phrionsabail lárnacha maidir le cearta an duine agus meas ar phríobháideacht an duine aonair.

Fágann níos mó plé, díospóireachta agus feasachta ar chearta an duine agus ar phrionsabail a bhaineann leo go n-ardaítear ceisteanna maidir leo siúd a bhí imeallaithe go traidisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith leochaileach sa todhchaí nó a bhféadfadh neamhaird a bheith déanta orthu ag an tsochaí príomhshrutha.

Leanfaidh an Coimisiún ag réamh-mheas agus ag déanamh measúnú orthu seo agus ar shaincheisteanna gaolmhara a bhfuil an poitéinseal acu tionchar a imirt ar chearta an duine. Déanfar measúnú ar fhorbairtí idirnáisiúnta chomh maith le hintíre chun réimsí nua i gcóir athbhreithnithe agus imscrúduithe a aithint.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

- Forairdeall a chinntiú agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí do chearta an duine a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le forbairtí i gcúrsaí cumarsáide, teicneolaíochta, leighis, géineolaíochta, srl.

- Dul i ngleic leis na comhlachtaí ábhartha reachtúla chun saincheisteanna poitéinseal chearta an duine a aithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí i ndlínsí thar lear d'fhonn saincheisteanna i ndáil le cearta an duine a d'fhéadfadh teacht chun cinn in Éirinn a réamh-mheas agus chun aghaidh a thabhairt orthu go réamhghníomhach

- Naisc a fhorbairt agus a chothabháil le grúpaí a dhéanann ionadaíocht orthu sin atá ar imeall na sochaí d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn go réamhghníomhach

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chonstaicí nó ar bhacainní a chuireann isteach ar rochtain ar chearta nó ar cheartas ó thaobh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd nach bhfuil ionadaíocht dhóthanach acu

## Táscairí Feidhmiúcháin

Cinnteofar agus forbrófar táscairí feidhmiúcháin ar bhúnus na 'ndúshlán atá ag teacht chun cinn' a roghnófar i gcóir athbhreithnithe agus gnímh.

# Cumas eagrúcháin an IHRC a láidriú chun a shainordú a chur i gcrích

Ainneoin a shuntasaí is a bhí ról an IHRC sa bhaile agus i ndáil le conarthaí agus le comhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine, tá na hacmhainní atá ar fáil measartha agus tá brú níos mó ar an eagraíocht agus í ag iarraidh a sainordú reachtúil a chur i bhfeidhm. Ní bheadh mórán de na rudaí atá bainte amach ag an eagraíocht curtha i gcrích murach go raibh na Coimisinéirí chomh tiomanta sin agus murach go raibh foireann feidhmiúcháin dhíograiseach ann.

Bíodh is go leanfaidh siad ag freagairt don ardu i bhfiosruithe agus in iarratais fiosrúcháin a bhfuiltear ag súil leis agus a bhaineann le feasacht níos mó ar chearta an duine, beidh an fhoireann Cásoibre as seo amach ag iarraidh réimsí chearta an duine atá tábhachtach nó atá ag teacht chun cinn a aithint go réamhghníomhach agus a bheith páirteach iontu. Anuas air sin, beidh éilimh feidhmiúcháin agus riaracháin níos mó ar an bhfoireann Feasachta, de réir mar a fhorbraíonn siad cláir agus tionscnaimh atá ábhartha do státseirbhísigh agus do sheirbhísigh phoiblí, do scoileanna, don phobal gnó agus don phobal i nginearálta. Tá an fhoireann Reachtaíochta agus Polasaí tiomanta ionchuir a sholáthar ag an gcéim is luaithe do mhéid níos mó dréacht-reachtaíochta, agus ag an am céanna a bheith ag tabhairt faoi thuilleadh taighde, forbairt polasaí agus obair le heagraíochtaí éagsúla agus le daoine aonair. Táthar ag súil go mbeidh an Comhchoiste agus feidhmeanna agus oibleagáidí idirnáisiúnta ag méadú de réir mar a leanfaimid ag forbairt Coimisiún a mbreathnófar air, i bhfocail An Taoisigh, mar 'shamhail a mbeidh daoine eile á leanúint'.

Is í an aidhm atá ag na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha a bhfuil cur síos orthu sa cháipéis seo ná a chinntiú go mbeidh an Coimisiún níos réamhghníomhaí ina chuid oibre, chomh maith le bheith ag comhlíonadh a oibleagáidí laethúla. Mar sin féin, ciallaíonn an riachtanas a bheith ag obair go réamhghníomhach agus ag freagairt do ghnáthoibleagáidí freisin go mbeidh srian ar an gCoimisiún go dtí go gcuirfear go suntasach lena chumas eagrúcháin.

## Cuspóirí Tacaíochta

I measc na bpríomhchuspóirí a leanfar mar thaca leis an sprioc thuasluaite, áirítear iad seo a leanas:

- Cás gnó a dhéanamh chun príomhphearsanra ag leibhéal sinsearach a cheapadh i bpoist bhuana agus an faomhadh atá riachtanach a iarraidh do phoist bhreise

- A bheith ag iarraidh cumais eagrúcháin a fhorbairt i bpríomhréimsí eile de réir mar is cuí

- Gníomhaíochtaí a aithint agus a aontú ar féidir le pearsanra ar théarma socraithe nó ar bhunús chonradh sealadach tabhairt fúthu de réir mar is cuí.

- Gníomhaíochtaí a aithint agus a aontú ar féidir iad a fhoinsiú allamuigh gan aon toradh dochrach a tharraingt ar an eagraíocht

- Spleáchas ar fhoinsiú allamuigh a laghdú (mar is cuí) mar mhodh chun gníomhaíochtaí a acmhainniú nó chun freagrachtaí a chomhlíonadh

## Táscairí Feidhmiúcháin

Bainfidh táscairí feidhmiúcháin le forbairt agus le haontú ar mholtaí a bhfuil costasú déanta orthu chomh maith le líon augs le nádúr faofa poist.

# Cinntíonn an measúnú leanúnach ar fheidhmiúchán in aghaidh spriocanna go bhfanann fócas ar thosaíochtaí straitéiseacha.

Tá spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha aitheanta agus forbartha chun a chinntiú go mbeidh obair an Choimisiúin fócasaithe agus go gcuirfear in ord tosaíochta é.

Ag teacht leis an gcleachtas eagrúcháin reatha, leanfar ag forbairt pleananna gnó bliantúla (ina mbeidh sonraí maidir le spriocanna agus gnímh shonracha mar aon le príomhtháscairí feidhmiúcháin) le haghaidh gach bliain den tréimhse straitéiseach pleanála. Tugann siad seo tuilleadh sonraí i ndáil leis na táscanna agus na gníomhaíochtaí áirithe a dtabharfar fúthu chun tacú le baint amach spriocanna agus cuspóirí.

Cinntíonn an measúnú leanúnach ar fheidhmiúchán i gcoinne na spriocanna atá i bpleananna gnó go gcoinnítear fócas ar thosaíochtaí straitéiseacha i rith thréimhse an phlean straitéisigh.

Bíonn amlínte agus dátaí seachadta (i gcóir baint amach spriocanna) san áireamh freisin sna príomhtáscairí feidhmiúcháin. Cinntíonn sé seo go gcoinnítear an móiminteam de réir mar a leanann an Coimisiún cuspóirí atá aontaithe. Trí thosaíochtaí a chur in iúl agus a shoiléiriú, is féidir smacht cuí a chomhlíonadh de réir mar a dhéantar an t-idirdhealú idir tosaíocht atá 'tábhachtach' agus tosaíocht atá 'práinneach'.

Bíodh is go bhfuil siad intuigthe go minic, bíonn toisí cáilíochta d'fheidhmiúchán eagrúcháin fíorthábhachtach freisin i gcomhthéacs na tábhachta bunúsaí atá acu d'obair an Choimisiúin.

# 15 ball

Tá 15 ball ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh tréimhse cúig bliana. D'fhreastail an chéad Choimisiún ó Iúil 2001 go dtí Meitheamh 2006. Ceapadh Coimisiún nua an 31 Lúnasa 2006 agus cuireadh tús lena théarma an 2 Deireadh Fómhair 2006. Chuaigh an tUachtarán reatha, an Dr Maurice Manning, i mbun oifige an 1 Lúnasa 2002.

De réir Achtanna Choimisiún um Chearta an Duine 2000 agus 2001, níl níos lú ná seachtar ban ná níos lú ná seachtar fear ina mbaill den Choimisiún. Seo nóta beathaisnéise ar an Uachtarán agus ar na 14 Coimisinéir:

## Manning, Maurice (Uachtarán)

Ceapadh an Dr Maurice Manning ina Uachtarán ar an gCoimisiún i Lúnasa 2002.Tá cúlra acadúil ag an Dr Manning agus bhí sé i mbun léachtóireachta roimhe seo i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus ina ollamh cuartaíochta in Ollscoil Phárais (Vincennes) agus Ollscoil Florida Theas. Is ball é de Sheanad Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus d'Údarás Rialaithe Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus bhí sé ina bhall d'Údarás Rialaithe Institiúid Ollscoil na hEorpa in Florence.

Tá go leor leabhar scríofa ag an Dr. Manning ar pholaitíocht nua-aimseartha na hÉireann. Bhí sé ina bhall den Oireachtas ar feadh bliain agus fiche, ag freastal sa Dáil agus sa Seanad. Bhí sé ina bhall d'Fhóram Nua na hÉireann agus Eagras Idir-Pharlaiminte na Breataine. Bhí sé ina Cheannaire ar an Seanad agus ina Cheannaire ar an bhFreasúra araon sa Teach sin.

## Binchy, William

Ceapadh William Binchy ina Choimisinéir i dtosach in 2001. Tá An tOllamh Binchy ina Ollamh Regius le Dlí i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhairleoir speisialta dlí ar athchóiriú dlí teaghlaigh don Roinn Dlí agus Cirt, agus reachtaíocht á ullmhú aige faoi chothú teaghlaigh, cosaint an tí teaghlaigh agus foréigean baile. Mar Chomhairleoir Taighde don Choimisiún um Athchóiriú Dlí, thug sé comhairle ar athchóiriú dlí a bhain le stádas páistí. Bhí sé ina ionadaí ag Éirinn ag Comhdháil Hague ar Dhlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimsí an phósta agus an uchtaithe idir-thíortha. Chuir sé go gníomhach leis an díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Lucht Siúil, dídeanaithe, colscaradh agus ginmhilleadh.

Tá an tOllamh Binchy ina eagraí ar chlár faoi bhunreachtúlacht do bhreithiúna Tanzania a tionóladh in Dar es Salaam, tá sé ina chomheagraí ar chlár oiliúna do ghiúistísíocht Botswana agus tá sé ina eagraí ar cheardlann bhliantúil na hAfraice ar bhunreachtúlacht do Phríomh-Bhreithiúna agus do na breithiúna sinsearacha de chuid stát na hAfraice, a thionóltar i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus atá ann le hocht mbliana anuas. Bhí sé ina Anrá ar Cuairt i gColáiste Corpus Christi, Cambridge do théarma na Féile Míchíl 2002 agus bhí sé ina bhall de choiste Hederman chun Athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Choireanna in aghaidh an Stáit. Tá sé ina chomhairleoir don Bhreitheamh Dermot Kinlan, Cigire na bPriosún agus na nIonad Coinneála, agus d'fheidhmigh sé mar chomhairleoir do Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na hÉireann maidir le córas ceartais Timor-Leste.

## Braiden, Olive

Ceapadh Olive Braiden ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Tá an tUas. Braiden ag obair sna hearnála deonacha agus pobail le os cionn 20 bliain. Bhí sí ina Stiúrthóir ar an Ionad Éigeandála um Eigniú ar feadh 10 mbliana. Bhí baint aici le feachtais chun reachtaíocht i réimse cearta ban a athchóiriú. Choimisiúnaigh sí taighde ar an dlí maidir le héigniú san Aontas Eorpach agus choimisiúnaigh sé Tuarascáil SAVI, an chéad taighde náisiúnta ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí. D'aimsigh sí maoiniú stáit chun cláir oiliúna a bhunú d'oibrithe pobail san Iúgslaiv mar a bhí agus in Kosova.

I mí Lúnasa 2003 ceapadh Olive Braiden ina Cathaoirleach ar an gComhairle Ealaíon. Tá sí ina ball den bhord Seirbhís Cúirteanna agus den Bhord Comhairleach um Cheapacháin Breithiúnacha. Tá sí ina Cathaoirleach freisin ar an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime. Bhí sí ina ball de go leor Páirtithe Oibre Rialtais agus Coistí Stiúrtha. In 2006, cheap an tAire Airgeadais í ar Bhord Tagarmharcáil na Seirbhíse Poiblí agus cheap an tAire Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta í ar Tháscfhórsa na gCluichí Oilimpeacha i Londain 2012. Tá seal caite aici sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Ríocht Aontaithe, sna Bahámaí agus sa Téalainn le cúig bhliana déag anuas. Bhain sí amach M.Phil i Staidéar Inscní i gColáiste na Trionóide, Baile Átha Cliath in 2003.

## Byrne, Rosemary

Ceapadh Rosemary Byrne ina Coimisinéir in 2006. Is Léachtóir Sinsearach í an Dr Byrne i ndlí idirnáisiúnta agus i ndlí chearta an duine i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sí ina hAnrá Taighde ag an Institiúid do Staidéar Comhtháthaithe Idirnáisiúnta. I rith a gairme, bhí sí gníomhach i dtaighde agus i dtacaíocht i réimsí a bhaineann le dlí na himirce, an dídeanaithe agus an tearmainn, agus labhair sí ar chearta an duine i mbreis is 15 tír. D'oibrigh sí le réimse eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta agus de chuid na hÉireann agus bhí sí i mbun oiliúna ar chearta an duine do Chomhairle na hEorpa agus do Choiste Helsinki.

Bhí an Dr Byrne ina hAnrá Taighde de chuid Rialtas na hÉireann agus ina hAnrá ar Cuairt ag an gClár um Chearta an Duine, Scoil an Dlí in Harvard. Ó 2000, d'oibrigh sí freisin i réimse an cheartais iar-choinbhleachta, agus bhunaigh sí an tionscadal um Phróiseas agus Ceartas Idirnáisiúnta a dhéanann monatóireacht ar na trialacha atá ar siúl ag an mBinse Coiriúil Idirnáisiúnta do Rwanda. Tá céim Bhaitsiléara aici in Eolaíocht Pholaitiúil ó Ollscoil Columbia agus tá Dochtúireacht Juris aici ón Scoil Dlí in Harvard.

## Daly, Robert

Ceapadh Robert Daly ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is saineolaí é an tOllamh Daly ar Neamhord Strus Iarthrámach, ar na héifeachtaí síciatracha atá ag ceistiúcháin agus ag ciapadh agus ar na gnéithe leighis de chearta an duine go ginearálta. San am a caitheadh rinne sé ionadaíocht ar Rialtas na hÉireann chuig Coimisiún na hEorpa um Chearta an Duine sa chás ciaptha in aghaidh na Ríochta Aontaithe, bhí sé ina bhall de Bhord Comhairleach Leighis de chuid Amnesty International a ghnóthaigh Duais Síochána na hEorpa, thug sé comhairle d'Aontas Saoirsí Sibhialta Mheiriceá, agus d'oibrigh sé d'íospartaigh mí-úsáidte i Stáit Mheiriceá Theas agus i gCogaí na mBalcán. Rinne sé measúnú ar chláir de chuid Choimisiún na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa in áiteanna go leor ar fud an domhain. Bhí sé ina thraenálaí freisin don Choiste chun Céasadh a Chosc agus d'oibrithe do chearta an duine sa choimhlint in Kosovo. Bhí sé ina fhinné saineolach in go leor cásanna a bhaineann le cearta an duine ar dhá thaobh na teorann agus sa Ríocht Aontaithe.

D'fhóin an tOllamh Daly ar Choiste Chumann Síciatrach an Domhain ag plé le líomhaintí mí-úsáide agus, nuair a bhí sé ina Chathaoirleach ar Rannóg na hÉireann de Choláiste Ríoga na Síciatraithe, thug sé comhairle don Aire Sláinte maidir le hathruithe sa dlí i ndáil le Sláinte Mheabhrach. Bhí sé ina Dhéan Leighis agus ina cheannaire ar an Roinn Síciatrach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Stiúrthóir Clinice i mBord Sláinte an Deiscirt agus ina bhall den Chomhairle um Thaighde Leighis.

## Egan, Suzanne

Ceapadh Suzanne Egan ina Coimisinéir in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Bhí an tUas Egan ina léachtóir i nDlí Chearta an Duine Idirnáisiúnta agus Eorpaigh i nDámh an Dlí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ó 1992 i leith. Is abhcóide cáilithe í agus tá Céim Mháistreachta i nDlí aici ó Scoil Dlí, Osgoode Hall in Toronto. Sula raibh sí ina léachtóir in UCD, bhí sí ina Maor Dlíthiúil ar ionad neamhspleách taighde ar dhlí agus polasaí maidir le teifigh i gCeanada (1989 – 1991) agus ina Cúntóir Taighde ag Coimisiún um Athchóiriú Dlí in Éirinn (1991-1992). Tá sí ina hiar-bhall den Choiste Feidhmeannach de Chomhairle Dídeánaithe na hÉireann.

Tá go leor foilsithe ag Suzanne Egan i réimse chearta an duine, go háirithe i ndáil le dlí agus polasaí i leith dídeánaithe agus bhí sí páirteach in oiliúint chearta an duine d'eagraíochtaí éagsúla neamhrialtasacha, do Chomhairle na hEorpa, agus do bhaill de gharim an dlí.

## Farrell, Michael

Ceapadh Michael Farrell ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Bhí baint mhór aige leis an ngluaiseacht do Chearta Sibhialta i dTuaisceart Éireann sna 1960í agus sna 1970í agus bhí sé i mbun feachtais i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le cearta sibhialta agus le cearta an duine le tríocha bliain anuas. Bhí baint aige le feachtais maidir le Seisear Birmingham agus le daoine eile a d'fhulaing de bharr iomrall ceartais sna 1980í agus san fheachtas in aghaidh cinsireachta polaitiúil faoi Alt 31 den Acht Craoltóireachta. Bhí sé ina leaschathaoirleach agus ansin ina chomhchathaoirleach ar Chomhairle na hÉireann do Shaoirsí Sibhialta i rith an chuid is mó de na 1990í agus bhí baint aige le feachtais i ndáil le cearta do dhaoine aeracha, colscaradh, dlíthe comhionannais, cearta dídeánaithe, in aghaidh ciníochais, agus i ndáil le hioncorprú Choinbhinsiún na hEorpa ar Chearta an Duine i ndlí na hÉireann.

Tá M.Sc ag an Uas. Farrell i bPolaitíocht agus bhíodh sé ina iriseoir agus ina údar. Is dlíodóir anois é agus oibríonn sé do na hIonaid Cúnamh Dlí in Aisce Teoranta (FLAC) agus tá sé ina Leaschathaoirleach ar an gCoiste um Chearta an Duine de chuid an Chumainn Dlí. Tá cásanna tógtha aige chuig Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus ag comhlachtaí idirnáisiúnta eile. Rugadh agus tógadh i gCo. Dhoire é. Bhí sé ina chónaí i mBéal Feirste ar feadh 20 bliain sula bhog sé go Baile Átha Cliath, áit a bhfuil sé ina chónaí anois.

## Leahy, Alice

Ceapadh Alice Leahy ina Coimisinéir in 2006. Tá an tUas. Leahy ina Stiúrthóir ar TRUST, eagraíocht a raibh sí ina comh-bhunaitheoir uirthi in 1975. Eagraíocht é TRUST atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a thugann seirbhísí sláinte agus seirbhísí gaolmhara eile do dhaoine atá gan dídean. Tá sí ina hiarChathaoirleach ar an nGrúpa um Athbhreithniú Pianbhreithe.

Ta Alice Leahy freisin in scríbhneoir, ina tráchtaire, ina craoltóir agus ina léachtóir, agus cuireann sí chun cinn tuiscint ar riachtanais an strainséara inár sochaí agus bíonn sí ag iarraidh teacht ar bhealaí praiticiúla chun gníomhú i gcoinne eisiata sóisialta. Bíonn sí ag léachtóireacht go forleathan agus chuir sí go díreach le polasaí poiblí mar bhall de chomhlachtaí éagsúla polasaí cosúil leis an gCoimisiún ar Choiriúlacht de chuid an Ard-Mhéara a raibh an Breitheamh Michael Moriarty in chathaoirleach air; an Meitheal Oibre a bhunaigh an tAire Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcúram atá á fháil acu sin a bhfuil meabhairghalar suaithmheonach acu; agus an Fóram Náisiúnta um Choiriúlacht. D'fhoilsigh Townhouse Publications a leabhar is déanaí in 2003, *With Trust in Place – Writing from the Outside*, ar théama an strainséara. Mar aitheantas ar an obair atá déanta ag TRUST, tá roinnt duaiseanna faighte aici, lena n-áirítear dochtúireacht onórach ó UCD mar aon leis an Duais do Dhuine na Bliana Thiobraid Árann do 2004.

## O'Hegarty, Lia

Ceapadh Lia O'Hegarty ina Coimisinéir in 2006. Is céimí í an tUasal O'Hegarty de chuid UCC (BCL), Ollscoil Michigan (LLM) agus Ollscoil Harvard (LLM). Glaodh chun an Bharra í in 1996. D'oibrigh sí mar thaighdeoir don Choimisiún um Athchóirithe Dlí ar feadh roinnt blianta. D'oibrigh sí mar léachtóir freisin ar bhonn uaineach i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

In 2000, ceapadh Lia O'Hegarty mar Chomhairleoir Dlíthiúil Parlaiminteach do Thithe an Oireachtais. Ó shin, tá a comhairleoireacht féin bunaithe aici, ag déileáil le reachtaíocht agus le cúrsaí poiblí. Ceapadh í in 2007 ar Choiste Comhairleach um Chódú an Dlí Choiriúil, a bunaíodh de bhun an Acht um Cheartas Coiriúil 2006.

## O'Higgins, Tom

Ceapadh Tom O'Higgins ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is cuntasóir cairte é an tUasal O'Higgins agus tá céim aige in Eacnamaíocht agus i Stair ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna ó Scoil Ghnó Sheffield. Is iaruachtarán é ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte, tá sé ina bhall den Institiúid Pearsanra agus Forbartha agus den Institiúid Cánachais.

Bhí an tUasal O'Higgins ina pháirtnéir ag PricewaterhouseCoopers ó 1969 go 2000, áit a raibh sé ina phríomhpháirtnéir iniúchta agus ina Cheannaire ar Acmhainní Daonna. Leanann sé ag cabhrú le heagraíochtaí i ndáil le saincheisteanna earcaíochta agus acmhainní daonna agus is ball é de bhoird roghnaithe don Choimisiún um Cheapacháin Phoiblí agus do chomhlachtaí eile. Tá sé ina Chathaoirleach ar Ospidéal na mBan, Coombe, agus bhí sé ina Chathaoirleach le déanaí agus tá sé ina bhall de Bhord Concern Worldwide. Is stiúrthóir é ar Iontaobhas Oideachasúil na hÉireann um Uileloscadh agus ar líon comhlachtaí príobháideacha. Is speisialteoir é maidir le

rialachas corparáideach, agus tá sé ina chathaoirleach agus ina bhall de choistí iniúchta líon comhlachtaí stáit agus státurraithe. Tá sé ina bhall freisin de Praesta Partners Ireland, eagraíocht oiliúnaithe agus meantóireachta d'fheidhmeannaigh.

## O'Neill, Helen

Ceapadh Helen O'Neill ina Coimisinéir in 2006. Is Ollamh Emeritus í an tOllamh O'Neill san Ionad do Staidéar Forbartha in UCD, áit a raibh sí ina co-bhunaitheoir air. Bhain sí céim B.Comm amach in UCD agus fuair sí céimeanna Máistreachta agus PhD in Eacnamaíocht ag Ollscoil McGill, Montreal, Ceanada. Bhí sí ina hUachtarán ar Chumann na hEorpa d'Institiúidí Taighde agus Oiliúna Forbartha in Éirinn ó 2000 go dtí 2002, agus bhí sí ina chathaoirleach ar Choiste Comhairleach de chuid rialtas na hÉireann ar Chomhoibriú Forbartha agus ar Choimisiún na hÉireann um Cheartas agus Síocháin.

Tá an tOllamh O'Neill ina ball de líon coistí idirnáisiúnta lena n-áirítear an coiste polasaí ar thíortha atá i mbéal forbartha de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta Eolaíochta (ICSU). Bhí sí ina hollamh ar cuairt i líon institiúidí, lena n-áirítear Ollscoil Zambia, Institiúid an Bhainc Dhomhanda, agus Ollscoil Corvinus, Budapest. Tá tascanna déanta aici d'eagraíochta idirnáisiúnta (lena n-áirítear an Banc Domhanda agus UNIDO) in os cionn dosaen tíortha san Afraic agus sa réigiún tras-Chugais. D'fheidhmigh sí mar shaineolaí don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta sa Bhruiséil maidir le réimse leathan saincheisteanna a bhaineann le caidrimh idirnáisiúnta agus le forbairt réigiúnach agus d'fheidhmigh sí mar chomhairleoir do DG Development agus do Irish Aid. D'fhoilsigh sí go forleathan ar thopaicí a bhaineann le forbairt agus le caidrimh idirnáisiúnta agus tá aoi-léachtaí tugtha aici in ollscoileanna ar gach mór-roinn den domhan. Bronnadh onóir an festschrift uirthi in 2006 (*Trade, Aid and Development*, foilsithe ag UCD Press).

## Quinn, Gerard

Ceapadh Gerard Quinn ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is ollamh le Dlí é an tOllamh Quinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Glaodh chun barra na hÉireann é in 1983 agus tá Dochtúireacht aige in Eolaíocht Dhlíthiúil ó Harvard (SJD). Is iarStiúrthóir Taighde é ar an gCoimisiún um Athchóiriú Dlí agus bhí sé ina cheannaire ar fhoireann taighde dhlí an Choimisiúin ar Stádas Daoine le Míchumas. D'oibrigh sé le Coimisiún na hEorpa ar shaincheisteanna ginearálta ar chearta an duine agus ar ullmhúchán ionstraim polasaí de chuid an AE i réimse cearta míchumais chomh maith. Is Stiúrthóir é ar Líonra AE de Dhlíodóirí Leatrom Míchumais agus anois tá sé ina chomhstiúrthóir ar líonra AE níos mó ar dhlí an Idirdhealaithe maidir le gach foras (aois, cine, míchumas, srl.).

Tá an tOllamh Quinn ina iarChéad Leasuachtarán ar Choiste na hEorpa um Chearta Sóisialta (Comhairle na hEorpa). Is ball é de bhoird chomhairleacha taighde an Land Mine Survivors Network (Washington DC) agus Fondúireacht Soros Clár Monatóireachta an AE maidir leis na Tíortha Aontachais ar Mhíchumas (Budapest). Bhí sé ina bhall de Mheitheal Oibre na Náisiún Aontaithe a tionóladh chun conradh a dhréachtú maidir le cearta daoine le míchumas. Tá go leor foilsithe aige ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, faoi chearta daoine le míchumas agus faoin AE agus cearta an duine.

## Sweetman, Roger

Ceapadh Roger Sweetman ina Choimisinéir in 2006. Go dtí 1981, bhí an tUasal Sweetman ina dhlíodóir ag obair le (agus a bhí ina Pháirtnéir le níos déanaí) Herman, Good & Co. Liostáil sé ansin in Ostaí an Rí. Ó 1979 go dtí 1989, bhí sé ina theagascóir/comhairleoir in Abhcóideacht agus Dlí Coiriúil do Scoil an Dlí de chuid Dlí-Chumann Corpraithe na hÉireann. In 1983, bronnadh an chéim Abhcóide air agus glaodh chun an Bharra é. Ar feadh na chéad 19 bliain eile, d'oibrigh sé ag an mBarra i mBaile Átha Cliath agus ar Chuaird an Oirthir. Tar éis dó a bheith ceaptha ar Phainéal Ionchúiseamh Bhaile Átha Cliath de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, bhain an chuid is mó dá chleachtas ina dhiaidh sin le coiriúlacht, idir ionchúiseamh agus chosaint.

In 2002, scaoileadh an tUasal Sweetman isteach ag an mBarra Istigh, áit ar ghníomhaigh sé mar Phríomhchomhairle, don chosaint go príomha, i gcásanna tromchúiseacha coiriúla. Bhí baint aige freisin le réimsí habeas corpus agus le hathbhreithniú dlíthiúil. Mar chleachtóir dlí coiriúil, bhí baint aige i bhfógairt agus i gcosaint chearta an duine a bhaineann leo siúd a bhfuil coireanna curtha ina leith i raon réimsí.

## Taylor, Mervyn

Ceapadh Mervyn Taylor ina Choimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís é in 2006. Is iarAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é Mervyn Taylor agus bhí sé ina Theachta Dála ar feadh níos mó ná 16 bliain. Bhí sé ina Leas-Phríomhaoire Rialtais ó 1982 go 1987. Nuair a bhí sé sa fhreasúra, bhí sé ina urlabhraí i go leor réimsí cosúil le hOideachas, Dlí agus Ceartas, Airgeadas, Seirbhís Phoiblí, Tionscail agus Tráchtáil agus Comhionannais Fostaíochta agus Athchóiriú Dlí.

Tá an tUasal Taylor ag obair mar dhlíodóir le 40 bliain anuas ach amháin i rith na tréimhse ina raibh sé ina Aire. Is iarbhall é de Choiste Monatóireachta na hEorpa ar Chiníochas agus Seineafóibe.

## Zappone, Katherine

Ceapadh Katherine Zappone ina Coimisinéir i dtosach in 2001 agus ceapadh arís í in 2006. Is fealsúnaí, oideachasóir agus comhairleoir neamhspleách taighde ar pholasaí poiblí í an Dr. Zappone. Mar iarPhríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, bhí sí páirteach i líon coistí agus meithleacha oibre ag leibhéal náisiúnta, na Eorpa agus idirnáisiúnta chun cearta eacnamaíocha agus sóisialta ban agus cothromas inscne a chur chun cinn. Is iarbhall í de Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch is Sóisialta na hÉireann agus bhí sí i mbun go leor tograí náisiúnta taighde faoi pholasaí poiblí agus cothromas inscne, mar aon le cothromas in oideachas leanaí. Is comhbhunaitheoir agus Cathaoirleach í ar An Cosán , eagraíocht mhór phobail i dTamhlacht Thiar i mBaile Átha Cliath, atá tiomanta deireadh a chur leis an mbochtanas trí oideachas.

Chaith sí deich mbliana i mbun léachtóireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in eitic agus i gcearta an duine agus bhí sí ag léachtóireacht i gCeanada, san Astráil, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar fud na hÉireann. D'fhoilsigh sí go leor faoi fheimeanachas, eitic, ceisteanna comhionannais agus oideachas, bíonn sí i mbun taighde, i mbun comhairliúcháin agus i mbun teagaisc. I measc a cuid saothar tá: *Charting the Equality Agenda: A Coherent Framework for Equality Strategies in Ireland North and South* (2001) agus *Re-Thinking Identity: The Challenge of Diversity* (2003). Tá PhD in Oideachas agus Reiligiún aici ó Boston College.

# Alt 8 d'Acht Coimisiún um Chearta an Duine, 2000

Ar fheidhmeanna an Choimisiúin beidh–

(*a*) athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a shásúla agus a éifeachtaí atá dlí agus cleachtas an Stáit maidir le cearta an duine a chosaint,

(*b*) ar iarratas ó Aire Rialtais, moladh ar bith reachtach a iniúchadh agus a bhreithiúnas a thabhairt le fios maidir le tionchar ar bith a d'fhéadfadh bheith ag moladh dá leithéid ar chearta an duine,

(*c*) dul i gcomhairle, mar a mheasann sé is cuí, le heagraíochtaí nó gníomhaireachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhfuil scil nó saineolas acu i réimse chearta an duine,

(*d*) dá dheoin féin nó ar iarratas ón Rialtas, moltaí a dhéanamh don Rialtas mar a fheictear dó bheith cuí maidir leis na bearta a cheapann an Coimisiún ar cheart tabhairt fúthu chun cearta an duine sa Stát a láidriú, a chosaint agus seasamh leo,

(*e*) tuscint agus feasacht maidir le tábhacht chearta an duine sa Stát a chur chun cinn, agus chun na críche sin, tabhairt faoi thaighde, urraíocht nó coimisiúnú a dhéanamh ar thaighde, nó airgead nó cuidiú ar bith eile a sholáthar do ghníomhaíochtaí taighde agus oideachasúla,

(*f*) fiosrúcháin a sheoladh faoi agus de réir *alt 9*[4],

(*g*) tuairiscí maidir le taighde a rinneadh, a ndearnadh urraíocht air, a ndearnadh coimisiúnú air nó ar chuidigh sé leis faoi *mír (e)* nó maidir le fiosrúcháin a dtagraítear dóibh i *mír (f)*,

(*h*) iarratas a dhéanamh chuig an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach do chead láithriú roimh an Ardchúirt nó an Chúirt Uachtarach, dé réir mar a oireann, mar *amicus curiae* in imeachtaí os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine maidir le duine ar bith, agus bheith mar *amicus curiae* de thoradh an chead sin bheith faighte (cead a bhfuil sé de chumhacht ag an dá chúirt araon atá luaite a thabhairt dá rogha féin amháin),

(*i*) gníomhú mar is gá chun tús a chur le agus páirt a ghlacadh sa chomhchoiste ionadaithe a dtagraítear dó in alt 10 den mhír dár teideal 'Cearta, Ráthaíochtaí agus Comhionannas Deiseanna' den Chomhaontú ar thángthas air sna Cainteanna Uile-Pháirtí,

(*j*) an cineál cúnaimh a dtagraítear dó in *alt 10*[5] a chur ar fáil do dhaoine faoi agus de réir na míre sin,

(*k*) imeachtaí a thionscnú faoi agus de réir *alt 11*[6].

4 **Alt 9 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000 – Fiosrúcháin a dhéanann an Coimisiún**
Tá sé de cheart ag an gCoimisiún dá dheoin féin nó ar iarratas ó dhuine ar bith fiosrúchán a sheoladh maidir le cás ar bith a bhaineann le cearta an duine.

5 **Alt 10 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000 – Cúnamh Dlíthiúil agus cúnamh eile**
Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar iarratais do chúnamh i ndáil le himeachtaí dlíthiúla a bhfuil baint acu le dlí agus cleachtas chearta an duine.

6 **Alt 11 d'Acht an Choimisiúin um Chearta an Duine 2000 – Tionscnamh Imeachtaí Dlíthiúla**
Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh chun cearta an duine i ndáil le daoine sa Stát a chosaint.

Féach ar shuíomh gréasáin Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine **www.ihrc.ie** le haghaidh sonraí breise

# Foireann an Coimisiún

# Foireann Choimisiún na hÉireann Um Chearta An Duine: Struchtúr Tuairiscithe Foirne

Cásoibrí Sinsearach
**Des Hogan**

Cásoibrí Cúnta
**Gerry Finn**

Oifigeach Sinsearach Reachtaíochta & Athbhreithnithe Polasaí
**Liam Herrick**

Oifigeach Cúnta Reachtaíochta & Athbhreithnithe Polasaí
**Catherine-Ellen O'Keeffe**

**Príomhfheidhmeannach**

Oifigeach Sinsearach Feasachta um Chearta an Duine
**Fidelma Joyce**

Oifigeach Cléireachais
**Trish Murphy**

Riarthóir Ginearálta
**Clair Wallace**

Oifigeach Cléireachais
**Aideen Damery**

Oifigeach Deisce
**Emilie Baillie**

Riarthóir (Airgeadas & Acmhainní Daonna)
**David Carolan**

IHRC
IRISH HUMAN RIGHTS COMMISSION
AN COIMISIÚN UM CHEARTA DUINE

4ú Urlar, Teach Jervis
Sráid Jervis, Baile Atha Cliath 1
**Fón:** + 353 (0)1 858 9601
**Facs:** + 353 (0)1 858 9609
**Ríomhphost:** info@ihrc.ie

dearadh_ **www.reddog.ie**

ihrc.ie